Fadhbanna soláthair uisce

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi fhadhbanna soláthair uisce sa tír. An bhfuil na focail seo, a bheidh le cloisteáil sa mhír, ar eolas agat? Pléigh leis an duine in aice leat iad.

- ag leá
- srianta uisce
- mórcheantar Bhaile Átha Cliath
- ag treisiú
- tar éis na doininne
- fuarlaigh
- ag sceitheadh
- le fána
- fan glan ar
- cásanna éigeandála
- bóithre tánaisteacha



Ceist 2 Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí buille faoi thuairim faoi ábhar na tuairisce, sula bhféachann sibh uirthi.

Ceist 3 Féach ar an mír faoi dhó agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Bain úsáid as na figiúirí thíos chun cur síos a dhéanamh, don duine in aice leat, faoina raibh sa mhír.

   10p.m.
   10,500
   1.2 milliún
   7a.m. agus 7p.m.
   60 lítear
   120,000

2. Cén fáth ar luadh na háiteanna seo: Cúige Laighean, Contae Loch Garman, Baile Átha Cliath agus Cill Mhantáin?

3. Cad a dúirt an tAire Sláinte?

4. Cén moladh a tugadh sa mhír do thiománaithe?

Ceist 4 '…meastar…' agus '…moltar…'

1. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na samplaí thuas?
2. Bain úsáid as na briathra ***aistrigh*** agus ***ceannaigh*** chun an ghné chéanna den ghramadach a léiriú, san aimsir chéanna freisin.
3. Cuir na réimíreanna **an/ní/go** roimh na ceithre bhriathar thuas agus cum abairtí (agus ceist amháin) leo. Tá an chéad cheann déanta duit.

Meas
An meastar go bhfuil an doineann tharainn?
Ní mheastar. Dúradh liom go meastar go bhfuil stoirm eile ag teacht inár dtreo.

Mol
_____
_____
_____

Aistrigh
_____
_____
_____

Ceannaigh
_____
_____
_____

Ceist 5 '…tar éis na doininne…'

Tá go leor focal sa Ghaeilge a thosaíonn le 'd' agus a bhfuil brí dhiúltach leo, 'doineann' mar shampla, a chiallaíonn drochaimsir nó aimsir stoirmiúil. Is minic freisin, má chuirtear 's' in áit an 'd', go n-athraíonn brí an fhocail agus go bhfuil brí dhearfach leis, mar shampla, 'soineann' a chiallaíonn aimsir mhaith.

Féach ar na samplaí thíos. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus aimsígí na focail a thosaíonn le 's' agus a bhfuil malairt bhrí acu. Cuir gach focal ansin in abairtí lena mbrí a léiriú:

- dona _____
- doiléir _____
- duairceas _____
- daor _____
- daoirse _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. Conas mar atá an aimsir in Éirinn anois?
2. Cén dóigh ar chuir an doineann isteach ar do shaol pearsanta féin?
3. Ar dhéileáil Rialtas na hÉireann go héifeachtúil leis an bhfoláireamh aimsire dearg, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

ag leá – *melting*
srianta uisce – *water restrictions*
mórcheantar Bhaile Átha Cliath – *greater Dublin area*
ag treisiú – *strengthening*
tar éis na doininne – *after the stormy weather*
fuarlach – flooding, freshet
ag sceitheadh – *overflowing*
le fána – *rushing, downward*
fan glan ar – *stay clear of*
cásanna éigeandála – *emergency cases*
bóithre tánaisteacha – *secondary roads*

Ceist 2

Tá an obair seo le déanamh sula seinnfear an tuairisc. Pléigh na tuairimí atá ag an rang ach ná luaigh ábhar na míre leo roimh ré.

Ceist 3

Cuir an mhír ar siúl faoi dhó agus tabhair deis do gach beirt na freagraí a phlé le chéile.

Ceist 4

1. An briathar saor san aimsir láithreach.
2. *Aistrítear* agus *ceannaítear*.
3.

Meas

An meastar go bhfuil an doineann tharainn?
Ní mheastar. Dúradh liom go meastar go bhfuil stoirm eile ag teacht inár dtreo.

Mol

An moltar an aiste sin a scríobh? Ní mholtar, ach is cinnte go moltar an ceann eile sin a dhéanamh.

Aistrigh

An aistrítear an nuacht gach lá? Ní aistrítear, ach moltar go n-aistrítear í.

Ceannaigh

An gceannaítear bronntanas don choiste gach bliain? Dúradh liom go gceannaítear, ach ní cheannaítear i mbliana.

Ceist 5

dona (*unfortunate, bad, poor, wretched*) / sona (*happy, lucky, fortunate*)
doiléir (*dim, obscure, vague*) / soiléir (*clear, distinct, plain*)
duairceas (*cheerlessness, joylessness*) / suairceas (*cheerfulness, agreeableness*)
daor (*unfree, unfree person, expensive*) / saor (*free, free person, inexpensive, cheap*)
daoirse (*slavery, oppression*) / saoirse (*freedom, liberty*)

Ceist 6

Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceisteanna seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Máire T. Ní Mhadaoin

Anois, cé go bhfuil an sneachta ag leá, tá fógra aimsire stádas oráiste fós i bhfeidhm i gCúige Laighean go dtí a deich a chlog maidin amárach. Deir Uisce Éireann go bhfuil deich míle go leith teach, gnó[1] agus feilm[2] ar fud na tíre fós gan uisce agus tá srianta uisce le cur i bhfeidhm ar a haon ponc a dó milliún duine thart ar mhórcheantar Bhaile Átha Cliath óna seacht a chlog anocht go dtí a seacht a chlog maidin amárach.

De réir mar atá an sneachta mór ag leá, is ag treisiú atá an obair mhór in áiteanna[3] tar éis na doininne. Tá imní sna contaetha is measa a bhí buailte i gCúige Laighean, cosúil le Cill Dara, Cill Mhantáin, Loch Garman agus Contae na Mí, go bhféadfadh fuarlaigh tarlú tar éis an leá.

Tá an soláthar uisce freisin ina imní mhór. Deich míle go leith teach, gnó[4] agus feilm gan soláthar, suas le leath acu sin i gContae Loch Garman. Deir Uisce Éireann, go bhfuil an córas uisce gann trí scór milliún lítear uisce mar gheall ar sconnaí a bheith fágtha ag rith, agus uisce ag sceitheadh le fána as píopaí lochtacha. Tá srianta uisce le cur i bhfeidhm san ardchathair óna seacht anocht go dtí a seacht ar maidin agus d'fhéadfadh gurb[5] amhlaidh a bheidh go ceann píosa. Ar fud na tíre, meastar go bhfuil os cionn céad fiche míle custaiméir uilig[6] a bhfuil srianta i bhfeidhm ar a soláthar uisce. Tá fógra fiuchta uisce i bhfeidhm in áiteanna[7] i gCill Mhantáin. Tá brú freisin ar na seirbhísí sláinte agus d'iarr an tAire Sláinte ar dhaoine fanacht glan ar ospidéil más féidir é, ach amháin i gcásanna éigeandála.

Tá cúrsaí iompair ar ais ina gceart, ach moltar do thiománaithe a bheith ríchúramach ar bhóithre, go háirithe bóithre áitiúla agus tánaisteacha a bhfuil obair ghlantacháin fós ar bun orthu.

[1] *gnóthaí* a dúradh
[2] *feirm* an leagan caighdeánach
[3] *áitreachaí* a dúradh
[4] *gnóthaí* a dúradh
[5] *gur amhlaidh* a dúradh
[6] *uile* an leagan caighdeánach
[7] *áitreachaí* a dúradh